



Coiste Eorpach  
na Réigiún

# Tuarascáil bhliantúil an Aontais 2023 Staid na Réigiún agus na gCathracha

## Príomh-mholtaí

1

Leanúint den tacaíocht don Úcráin agus í a neartú trí chomhpháirtíocht le réigiúin agus le cathracha an Aontais as ucht na hatógála agus an athchóirithe.

2

Cur chuige rialachais il-leibhéil a áirithiú i gcomhair an aistrithe fuinnimh. Mura mbeidh tuilleadh airgid sa chiste acu, ní féidir le tionscadail áitiúla agus réigiúnacha cur lena dtionchar ná feabhas a chur air chun uailmhian aeráide an Aontais ar an láthair a bhaint amach agus chun glacadh an aistrithe ghlais laistigh de phobail áitiúla a neartú.

3

Infheistiú suntasach san oiriúnú don athrú aeráide agus sa mhaolú ar an athrú aeráide le straitéis áitiúil chun comhtháthú agus athléimneacht a chaomhnú ar fud na réigiún agus na gcathracha i bhfianaise éifeachtaí suaiteacha agus neamshiméadracha an athraithe aeráide, chomh maith le meath na bithéagsúlachta.

4

Tacú le talmhaíocht áitiúil inbhuanaithe agus comhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun córais bhia na hEorpa a dhéanamh níos athléimní agus níos inbhuanaithe.

5

Tuilleadh tacaíochta a áirithiú chun an Comhaontú Glas don Eoraip agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

6

Díghlasáil infheistíochtaí don aistriú glas agus don aistriú digiteach, tacú le daoine agus éagothromaíochtaí a laghdú, agus iomaíochas tionsclaíoch réigiúin na hEorpa a chothú ag an am céanna.

7

Beartas comhtháthaithe um athchóiriú ag a mbeidh cur chuige misean-bhunaithe áitiúil, agus an prionsabal 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú' á chur i bhfeidhm i ngach beartas.

8

Ní mór don chur chuige factéarmach i leith na gceantar tuaithe infheistíocht a dhéanamh san aistriú glas agus san aistriú digiteach chun an bánú a chomhrac go héifeachtach agus chun daoine óga tréitheacha a mhealladh chun na háite.

9

Ní mór don Aontas leas a bhaint as an muinín atá ag na saoránaigh as na hionadaithe réigiúnacha agus áitiúla chun daonlathas na hEorpa a threisiú agus a neartú.

10

páirt a ghlacadh sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, lena gcuid taithí agus a gcuid líonraí, chun ullmhú don chéad bhabhta eile den mhéadú.

